National Traveller Accommodation
Consultative Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta
um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tuarascáil Bhliantúil 2003

Teach an Chustaim,
Baile Átha Cliath 1
Guthán: (01) 888 2121
Locall: 1890 20 20 21
Facs: (01) 888 2619
email: ntacc@environ.ie

Chéad chruinniú den dara CCNCLS, ar 1 Bealtaine 2003.
Sraith dheiridh (C go D): Kathleen Bonar, Brendan Kenny, Joe Harrington, Maria Joyce, Martin Collins, Niall Callan (Rúnaí Ginearálta, Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil), Gráinne O'Toole.

Sraith thosaigh (C go D): Ellen Mongan, Thomas Cunningham, William Callaghan, Aire Noel Ahern, T.D., Chris Flood Flood (Cathaoirleach, CCNCLS), Séamus O'Connor.

Grianghraf: Lensmen & Comhpháirtithe

Clár Ábhar

1.	**Ráiteas an Chathaoirligh**	**4**
2.	**Eolas Ginearálta**	**8**
	Bunú	8
	Téarmaí Tagartha	8
	Ballraíocht an Choiste	8
	Tuarascáil Bhliantúil an Choiste	9
	Cruinnithe	9
3.	**Achoimre na bPríomhghníomhaíochtaí**	**11**
	Athbhreithniú ar Fheidhmiú an Achta um Thithíocht (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998	11
	Cóiríocht Neamhchónaitheach	11
	Cóiríocht Fholamh	12
	Cóiríocht Údaráis Áitiúil don Lucht Siúil	12
	Cuairteanna ar Chóiríocht don Lucht Siúil	13
	Cur i láthair	15
	Comháireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil	15
4.	**Airgeadas**	**17**
5.	**Aguisíní**	**18**
	Aguisín I	
	Cóiríocht Curtha Ar Fáil in 2003	18
	Aguisín II	
	Comháireamh Bliantúil Teaghlach den Lucht Siúil in 2003	22

Ráiteas an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach ar an dara Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCNCLS), tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2003 a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta agus Athnuachana Uirbigh. Cé gurbh í 2003 an chéad bhliain don Choiste reatha, ba í an ceathrú bliain í maidir le cur i bhfeidhm na gclár cóiríochta cúig bliana ar ghlac na húdaráis áitiúla leo i 2000 faoin Acht um Thithíocht (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998.

Cathaoirleach – Chris Flood

Is mór an tógáil croí é a nótáil go leanann líon na dteaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe de bheith ag laghdú. Cé go raibh 1,017 teaghlach ina gcónaí ar láithreáin den chineál sin in 2001, thit an líon seo go 939 teaghlach in 2002, agus go 788 teaghlach in 2003. Cé go rabhthas ag súil go ndéanfaí níos mó dul chun cinn, ní mór fáilte a chur roimh an treocht seo, ar ndóigh.

Leanann líon na dteaghlach den Lucht Siúil a fhaigheann cóiríocht ó údaráis áitiúla, nó le cúnamh ó údaráis áitiúla, de bheith ag méadú. In 2003, tugadh cóiríocht do 430 teaghlach sa bhreis, i gcomparáid le 2002. Bhí na haonaid bhreise seo de bhreis ar na 389 aonad curtha ar fáil in 2002, ag léiriú ní hamháin go bhfuil líon na n-aonad ag méadú, ach go bhfuil ráta an mhéadaithe féin ag méadú. Ar an dóigh chéanna, bhí méadú ar líon measta na dteaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí i gcóiríocht a ceannaíodh go príobháideach – suas ó 417 teaghlach ag deireadh 2002 go 443 teaghlach ag deireadh 2003. Leagtar amach mionsonraí na cóiríochta curtha ar fáil ag gach Údarás Áitiúil in 2003 in Aguisín I.

In ainneoin na bhforbairtí deimhneacha seo is léir anois, áfach, nach gcomhlíonfar na riachtanais chóiríochta ar fad a aithníodh sna cláir (3,875 aonad do na blianta 2000-2004) roimh dheireadh 2004. Bhíothas á áitiú – agus b'fhéidir le ceart – go raibh an sprioc náisiúnta de 3,875 aonad níos mó ná an riachtanas iarbhír cóiríochta a bhí ann. Is fíor fós nach gcomhlíonfar an aidhm de chóiríocht a chur ar fáil do gach teaghlach den Lucht Siúil roimh dheireadh na gclár cúig bliana.

Ceapadh an dara CCNCLS i Márta 2003 agus bhí a chéad chruinniú ar 1 Bealtaine. Bhí cúig chruinniú san iomlán aige i rith na bliana sin. Ar an 1 Bealtaine, d'iarr an tAire Tithíochta agus Athnuachana Uirbigh air athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta um Thithíocht (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998. Chuir an Coiste Fochoiste ar bun, a raibh a chéad chruinniú aige ar 2 Iúil 2003, le mionscrúdú a dhéanamh ar an iliomad fachtóirí ar leith, ach a bhíonn fite fuaite le chéile uaireanta, a ndeachaigh i bhfeidhm ar oibriú Acht 1998, d'fhonn moltaí a dhéanamh don Aire. Bhí sé chruinniú ag an bhfochoiste roimh dheireadh 2003 agus bhí an t-athbhreithniú ar an Acht ar lean ag deireadh na bliana.

Le linn 2003 rinne an Coiste machnamh ar roinnt ábhar éagsúla breise, lena n-áirítear cóiríocht fholamh agus láithreáin neamhchónaitheacha. Léiríodh imní gur fágadh cóiríocht folamh, mar gheall ar réimse fachtóirí, le linn do theaghlaigh bheith ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe fós. Rinneadh machnamh ar na costais airgeadais a bhain le cóiríocht fholamh chomh maith. Tá rún ag an gCoiste an cheist seo a fhiosrú níos faide in 2004. I Meán Fómhair, chuir an Coiste tuairisc eatramhach ar aghaidh chuig an Aire Tithíochta agus Athnuachana Uirbigh ar sholáthar láithreáin staid Neamh-Chónaitheacha don Lucht Siúil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (i.e. ceithre chomhairle Bhaile Átha Cliath, mar atá, Cathair, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire/Ráth Dúin agus Contaetha na Mí, Chill Dara agus Chill Mhantáin). Ghlac an Coiste leis go raibh gá le gréasán de láithreáin staid neamhchónaitheacha trasna na tíre, agus déanfaidh athscrúdú ar an gceist seo in 2004.

Rinneadh dhá chur i láthair don Choiste le linn na bliana. Rinne toscaire ó Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath cur síos imlíneach ar scéim nua phíolótach dhá bhliana an Chomhairle do thosaíochtaí ligin, agus labhair toscaire ó Pavee Point leis an gCoiste faoi sheirbhís idirghabhála na heagraíochta. Is í aidhm na seirbhíse seo ná caidrimh níos fearr a fhorbairt idir an Lucht Siúil agus an pobal tromlaigh lonnaithe, agus idir daoine den Lucht Siúil i gcoimhlint eatarthu féin araon. Tá an Coiste an-bhuíoch díobh siúd a roinn, agus a leanann de bheith ag roinnt, a gcuid saineolais leis.

Is mór ag an gCoiste an deis forbairtí a fhiosrú ag leibhéal áitiúil agus le linn 2003 thug cuairt ar chóiríocht atá ann go sainiúil don Lucht Siúil i gceantair Chomhairle Contae Thiobráid Árann Thuaidh agus Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath. Comhairle na Cathrach agus Ionad Luchta Siúil Pavee Point a

d'óstáil an dara chuairt den dá cheann thuasluaite i gcomhar lena chéile. Ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí a bhí páirteach ann agus go háirithe na teaghlaigh den Lucht Siúil a casadh orthu, as a gcúnamh ar na cuairteanna faisnéise seo.

I dtreo dheireadh na bliana d'éirigh Iníon Gráinne O'Toole as an gCoiste ar fhágáil Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann di. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Gráinne as a hobair chrua ar an gCoiste agus an bhFochoiste araon, agus le gach rath a ghuí uirthi ina fiontair amach anseo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na daoine go léir ar éascaigh a ndíograis agus a ngealltanas an Coiste agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla. Is mór atáthar buíoch as tacaíocht an Aire Noel Ahern, T.D., Aire Tithíochta agus Athnuachana Uirbigh. Thug comhaltaí an Choiste go fial dá gcuid ama agus saineolais agus iad ag freastal ar chruinnithe den Choiste agus den Fhochoiste araon. Cuireann díograis fhoireann go léir Aonad Chóiríocht an Luchta Siúil na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil, maidir le tacaíocht rúnaíochta agus riaracháin a chur ar fáil don Choiste, cuireann sin go suntasach lena chuid oibre. Rinne na daoine aonair agus grúpaí seo go léir a gcion féin le cur le céad bhliain rathúil don Choiste nua, agus táthar an-bhuíoch as a dtacaíocht.

Chris Flood
Cathaoirleach

Páirc Eoin, Páirc na bhFhia, Inis Díomáin, Co. an Clár

Eolas Ginearálta

Bunú

Cuireadh Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCNCLS) ar bun, ar bhonn reachtúil, ar 29 Aibreán 1999 faoi mhíreanna 19 agus 20 den Acht um Thithíocht (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Ceapadh an dara CCNCLS ar 10 Márta 2003.

Téarmaí Tagartha

Is iad seo a leanas téarmaí tagartha an Choiste:

Comhairle a thabhairt don Aire maidir le

aon ábhar ginearálta a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil;

aon ábhar a dtagraíonn an Aire chuige;

na bearta is oiriúnaí le feabhas a chur, ar leibhéal áitiúil, ar chomhairliú leis an Lucht Siúil agus a mbaint i soláthar agus bainistíocht cóiríochta;

gnóthaí ginearálta a bhaineann le hullmhú, leorgacht, cur i bhfeidhm agus comhordú clár cóiríochta don Lucht Siúil.

Ballraíocht an Choiste

An tUasal Chris Flood	Cathaoirleach
Iníon Kathleen Bonar	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
An Comhr William Callaghan	Cumann Údarás Cathrach na hÉireann
An tUasal Martin Collins	Ionad Lucht Siúil Pavee Point
An Comhr Thomas Cunningham	Comhairle Ginearálta na gComhairlí Contae
An tUasal Alex Fleming	Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach
An tUasal Joe Harrington	An Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil
Iníon Maria Joyce	Fóram Náisiúnta Mhná an Luchta Siúil
An tUasal Brendan Kenny	Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach
Iníon Ellen Mongan	Ainmní an Aire
An tUasal Séamus O'Connor	Ainmní an Aire
Iníon Gráinne O'Toole*	Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann
An tUasal Eugene J. Doyle	Rúnaí don Choiste

* I Samhain 2003, d'éirigh Iníon O'Toole as an gCoiste ar a fostaíocht i nGluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann a fhágáil di.

Tuarascáil Bhliantúil an Choiste

Forálann Mír 19 den Acht um Thithíocht (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 go gcaithfidh an Coiste tuarascáil bhliantúil ar a ghníomhaíochtaí a ullmhú agus a thabhairt don Aire Tithíochta agus Athnuachana Uirbigh a ordóidh cóipeanna den tuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Clúdaíonn an Tuarascáil an tréimhse ó 1 Eanáir – 31 Nollaig 2003.

Cruinnithe

Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste idir Eanáir agus Nollaig 2003.

Lios an Mhuilinn, Áth Luain, Co. na hIarmhí

Achoimre na bPríomhghníomhaíochtaí

1. Athbhreithniú ar Fheidhmiú an Achta um Thithíocht (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998

D'eisigh an Coiste chun Monatóireacht agus Comhordú a dhéanamh ar Chur i bhFeidhm Mholtaí an Tascfhórsa ar Phobal an Luchta Siúil a chéad tuairisc ar dhul chun cinn in 2000 agus mhol sé, i measc rudaí eile, gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta um Thithíocht (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, in 2002. Nuair a cuireadh an dara CCNCLS ar bun, d'iarr an tAire Tithíochta agus Athnuachana Uirbigh ar an gCoiste an t-athbhreithniú seo a dhéanamh agus a thuairisciú ar ais chuige.

Ag a dhara cruinniú, bhunaigh an Coiste Fochoiste lena hathbhreithniú a chur i gcrích. Bhí sé chruinniú ag an bhFochoiste in 2003. Ar mhaithe le bheith chomh cuimsitheach agus a b'fhéidir, rinneadh teagmháil le gach Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCÁCLS) i scríbhinn, agus iarradh air a thuairimí a nochtadh ar phointí éagsúla a bhaineann leis an Acht. Bhí an Fochoiste fós ag déanamh machnaimh ar na freagraí ó na CCÁCLSanna, agus na freagraí a fuarthas ó chomhlachtaí ionadaíochta agus grúpaí tacaíochta, ag deireadh 2003. Lena chois sin, labhair saineolaithe pleanála leis an bhFochoiste i rith na bliana.

2. Cóiríocht Neamhchónaitheach

Mhol Tuarascáil 1995 an Tascfhórsa ar Phobal an Luchta Siúil go gcuirfí gréasán de láithreáin neamhchónaitheacha cóiríochta ar fail i gceantar gach Údaráis Áitiúil. Mhol sé chomh maith, go gcuirfí na láithreáin seo ar fáil ar aon dul le cineálacha eile áiseanna cóiríochta, mar chuid chomhtháite de chlár náisiúnta le tabhairt faoi riachtanais chóiríochta an Luchta Siúil.

I rith 2003, phléigh an Coiste saincheist na láithreán neamhchónaitheach ar roinnt ócáidí agus d'aontaigh "Tuairisc ar Láithreáin Neamhchónaitheacha a Sholáthar don Lucht Siúil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath." Dhéileáil an tuairisc seo leis na ceantair clúdaithe ag Comhairlí Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairlí Contae Dhún Laoghaire/Ráth Dúin, Fhine Gall, Chill Dara, na Mí, Bhaile Átha Cliath Theas agus Chill Mhantáin agus cuireadh cóip den tuairisc ar aghaidh chuig an Aire Tithíochta agus Athnuachana Uirbigh.

Cé nach raibh aon mholtaí sa tuairisc thaiscéalaíoch seo, bhí imní ar an gCoiste nach raibh aon láithreáin neamhchónaitheacha curtha ar fáil ag aon cheann de na seacht gcomhairle a ndearnadh scrúdú orthu. Tá rún ag an gCoiste scrúdú breise a dhéanamh, in 2004, ar an gcóiríocht neamhchónaitheach a chur ar fáil ar bhonn náisiúnta.

3. Cóiríocht Fholamh

D'iarr an tAire Tithíochta agus Athnuachana Uirbigh ar an gCoiste an staid a iniúchadh maidir le haonaid fholamha den chóiríocht faoi choinne shainúsáid an Luchta Siúil, lena n-áirítear bánna ar láithreáin staid.

Glacann an Coiste leis gur cur amú acmhainní ganna airgeadais é cóiríocht a bheith folamh, agus gur dócha go dtiocfaidh drochbhail ar chóiríocht neamháitithe, go háirithe le linn mhíonna an gheimhridh. Níos tábhachtaí, creideann an Coiste gur cur amú doghlactha é cóiríocht neamháitithe a bheith ann – bíodh sin teach grúpa nó bá láithreáin staid – nuair atá na céadta teaghlaigh den Lucht Siúil ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe fós.

Tuigtear go bhfuil cuid mhór fachtóirí faoi deara an chóiríocht seo ag éirí folamh, agus tá rún ag an gCoiste na fachtóirí seo a iniúchadh i 2004.

4. Cóiríocht Údaráis Áitiúil don Lucht Siúil

Tá an Coiste sásta a nótáil gur lean soláthar cóiríochta don Lucht Siúil de bheith ag léiriú treochtaí deimhneacha in 2003, le líon méadaithe aonad curtha ar fáil agus laghdú ar líon na dteaghlach ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe. Ba é líon iomlán na dteaghlach i gcóiríocht curtha ar fáil ag údaráis áitiúla, nó le cúnamh ó Údarás Áitiúil, ag deireadh 2003 ná 4,952 – méadú 430 ar na 4,522 aonad curtha ar fáil ag deireadh na bliana roimhe sin.

Bhí an méadú seo trasna réimse na roghanna cóiríochta. Bhí gnáth-thithíocht 218 aonad níos airde, bhí grúpthithíocht 52 aonad níos airde, bhí tithe príobháideacha le cúnamh ó údaráis áitiúla 70 aonad níos airde, bhí tithe curtha ar fáil ag comhlachtaí deonacha le cúnamh ó

Údarás Áitiúil 6 aonad níos airde, agus bhí láithreáin staid Údaráis Áitiúil 84 aonad níos airde.Tá an Coiste sásta leis an laghdú ar theaghlaigh ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe, síos chuig 788 aonad ag deireadh 2003, ó 939 aonad ag deireadh 2002. Tuigtear, áfach, cé gur laghdaigh líon na dteaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe i mbliana, mhéadaigh líon na dteaghlach ina gcónaí ar láithreáin sealadacha agus iad siúd ag roinnt áiseanna sa tréimhse chéanna. Fanann na teaghlaigh seo de bheith in éagmais cóiríochta oiriúnaí agus ní mór aird leanúnach a thabhairt ar an tsaincheist seo.

Chuir an Coiste fáilte chomh maith, roimh fhorbairtí san earnáil phríobháideach in 2003. Bhí méadú ar líon na dteaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí i gcóiríocht faoi úinéireacht phríobháideach (443 teaghlach ag deireadh 2003, suas ó 417 ag deireadh 2002), agus i gcóiríocht ar cíos go príobháideach (suas chuig 293 teaghlach, ó 162 theaghlach, thar an tréimhse chéanna).

5. Cuairteanna ar Chóiríocht an Lucht Siúil

Lean an dara CCNCLS den nós a bhunaigh a réamhtheachtaithe de bheith ag tabhairt cuairte ar roinnt láithreán cóiríochta atá go sainiúil don Lucht Siúil. Le linn 2003, thug sé cuairt ar áiseanna cóiríochta i gceantair Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus chonaic idir láithreáin staid agus scéimeanna tithíochta. Ar na hocáidí seo, bhuail an Coiste le baill áitiúla den Lucht Siúil, toscairí de chuid an Lucht Siúil, agus toscairí na n-údarás áitiúil.

Cuireann na cuairteanna seo ar chumas an Choiste cuid den réimse cóiríochta atá ar fáil don Lucht Siúil a fheiceáil dóibh féin. Lena chois sin, cuireann siad bealach tábhachtach cumarsáide ar fáil idir an Coiste, daoine den Lucht Siúil agus oifigigh. Tá an Coiste an-bhuíoch díobh siúd go léir a rinne na cuairteanna faisnéise seo níos éasca, go háirithe na teaghlaigh den Lucht Siúil a chuir fáilte roimh bhaill den Choiste ina mbailte féin. Tá rún ag an gCoiste tuilleadh cuairteanna a dhéanamh chuig ceantair Údarás Áitiúil eile sna blianta le teacht.

Corrán Cluain Liathán, Béal Átha Ghártha, Co. na Gaillimhe

6. Cur i Láthair

Tagann comhaltaí an Choiste ó réimse cúlraí, agus tugann siad éagsúlacht radhairc, oiliúna agus taithí chun boird. Tuigeann an Coiste chomh maith, áfach, a luachmhaire atá sé tarraingt ar shaineolas grúpaí breise, agus ar an ábhar sin tugtar cuireadh d'aoichainteoirí labhairt leis an gCoiste ó am go chéile. In 2003 rinne cainteoirí ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Pavee Point roinnt cur i láthair.

Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a dhoiciméad a aontaíodh le déanaí i láthair "Scéim na dTosaíochtaí Ligin do Chóiríocht don Lucht Siúil. Scéim Phíolótach, Samhain 2005." Cuireadh an doiciméad seo le chéile i ndiaidh comhairliúcháin leathain le Pavee Point. Míníodh gurbh í feidhm na scéime ligin ná an bonn a úsáidtear le rangú a dhéanamh ar chionnroinnt na cóiríochta ar cíos go léir atá ag Comhairle Cathrach an Lucht Siúil a leagan amach. Clúdaíonn an scéim páirceanna cónaitheacha carbhán agus scéimeanna tithíochta grúpa. Bhí rún ann go ndéanfadh an doiciméad na nósanna imeachta a bhaineann le cóiríocht don Lucht Taistil a ligean ar cíos trédhearcach.

Thug toscaire ó Pavee Point cur i láthair chomh maith don Choiste, maidir leis an tseirbhís idirghabhála a thairgeann an eagraíocht sin do mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Is í an aidhm atá leis an tseirbhís seo ná caidrimh níos fearr a fhorbairt idir an Lucht Siúil agus an mórphobal lonnaithe, trí bhaill den dá phobal a spreagadh le freagraí cruthaitheacha a fhorbairt don choimhlint, agus le dóigheanna nua a a fháil de bheith ag maireachtáil le difríochtaí cultúrtha. Cuireann sé seirbhís idirghabhála ar fáil chomh maith i gcásanna coimhlinte taobh istigh de phobal an Lucht Siúil.

Is mór is fiú leis an gCoiste deis a bheith aige foghlaim faoi fhorbairtí reatha ó dhaoine atá páirteach i seirbhísí a chur ar fáil, agus tá sé buíoch as gealltanas ama agus díograis na ndaoine a dhéanann cur i láthair den saghas seo.

7. Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil

Rinneadh Comhaireamh bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil ar 28 Samhain 2003. Tá sonraí de seo le fáil in Aguisín II.

Tá áthas ar an gCoiste a nótáil, in 2003, ní hamháin gur lean an treocht anuas i líon na dteaghlach ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe, ach i mbliana taifeadadh an laghdú bliantúil ba mhó i líon na dteaghlach ina gcónaí ar láithreáin den chineál seo ó thosaigh na cláir chóiríochta in 2000.

Airgeadas

Is í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a íocann go hiomlán as costais feidhmiúcháin an Choiste.

Bhí caiteachas €17,091 ag an gCoiste in 2003. (Ba é €15,903 an figiúr coibhéiseach do 2002.)

Lána Matt, Baile Brigín, Co. Átha Cliath

Aguisín I
Cóiríocht Curtha ar fáil in 2003

Láithreáin Staid a críochnaíodh in 2003

Údarás Áitiúil	Suíomh	Líon na mBánna					
		Nua			Athchóirithe/Athfhorbartha		
		Buan	NeamhC	Géar/ Seal	Buan	NeamhC	Géar/ Seal
Co. Bhaile Bhiorra	Bóthar Cruachain	6					
Co. Co. Cheatharlach	Ardristáin, Tulach	1					
Co. Co. an Chláir	Baile Uí Mháille, Inis	4					
Co. Co. Fhine Gall	Lána Matt, Baile Brigín	10					
Co. Co. Fhine Gall	Bóthar Forrest, Sord						7
Co. Co. Dhún Laoghaire – Ráth Dúin	Halla Burton, Baile na Lobhar				5		
Co. Co. Dhún Laoghaire – Ráth Dúin	Bóthar Ráth Mhíchíl, Seanchill			7			
Co. Co. na Gaillimhe	Capira, Port Omna			4			
Co. Co. Laoise	Páirc na gCaorthainn, Port Laoise				10		
Co. Co. Mhuineacháin	Gortakeegan			6			
Co. Co. Thiobraid Árann Thuaidh	Ballyvillane, An tAonach	2			5		
Co. Bhaile Thiobraid Árann	Bóthar an Locha			1			
Co. Bhaile Thrá Lí	Bóthar an Daingin	4					
Co. Co. Bhaile Átha Cliath Theas	Ciseog			4			
Co. Co. Bhaile Átha Cliath Theas	Bóthar Fonthill			2			
Co. Co. Bhaile Átha Cliath Theas	Slí Bhaile de Faoite, Tamhlacht			2			
Co. Co. Bhaile Átha Cliath Theas	Lána Stocking			1			
Co. Co. Bhaile Átha Cliath Theas	Lána Bhaile Cook			1			
Co. Co. Bhaile Átha Cliath Theas	Teach Virginia, Tamhlacht			1			
Co. Co. na hIarmhí	Lios an Mhuilinn, Áth Luain	8	12		12		
Co. Co. Chill Mhantáin	Baile an tSeascainn				6		
Iomlán		**35**	**12**	**29**	**38**	**0**	**7**

Láithreáin Staid á dtógáil ar 31 Nollaig 2003

Údarás Áitiúil	Suíomh	Líon na mBánna					
		Nua			Athchóirithe/Athfhorbartha		
		Buan	NeamhC	Géar/ Seal	Buan	NeamhC	Géar/ Seal
Co. Co. an Chláir	Páirc na bhFeá, Inis	3					
Co. Co. Dhún Laoghaire – Ráth Dúin	Cúirt Páirc na Coille				3		
Co. Bh. Dhún Dealgán	Páirc Fearann na Coille				4		
Co. Co. Fhine Gall	N. Máiréad, Baile Meak	1					
Co. Co. na Gaillimhe	Béal Átha Ghártha				3		
Co. Co. Liatroma	Tamhlacht Mhór, Maothail	2	2		5		
Co. Co. Ros Comáin	Baile na Coille, Ros Comáin			15			
Co. Co. Bhaile Átha Cliath Theas	Foxdene			2			
Co. Co. Loch Garman	Bun Cladaigh				6		
Iomlán		**6**	**2**	**17**	**21**	**0**	**0**

Scéimeanna Grúpthithíochta a críochnaíodh in 2003

Údarás Áitiúil	Suíomh	Stádas	
		Nua	Athchóirithe/ Athfhorbartha
Co. Co. Cheatharlach	Ardristáin, Tulach	3	
Co. Co. an Chabháin	Tulach Uí Mhongáin Íochtair	6	
Co. Co. an Chláir	Páirc na bhFianna, Inis Díomáin	6	
Co. Co. an Chláir	Baile Uí Mháille, Inis	2	
Co. Co. Dhún na nGall	Caiseal, Ard a' Rátha		1
Co. Co. Dhún Laoghaire – Ráth Dúin	Gleann Draoi, Baile Breac		6
Co. Cath. Bhaile Átha Cliath	Radharc an Droichid		16
Co. Cath. Bhaile Átha Cliath	Lána an Gharráin, Bóthar Mullach Íde		1
Co. Bh. Dhún Dealgán	Clós Mhic Neachtain		9
Co. Co. Fhine Gall	Scribblestown	8	
Co. Co. Fhine Gall	Driseog, Seanbhaile		1
Co. Co. na Gaillimhe	Béal Átha Ghártha	6	
Co. Co. na Gaillimhe	Ceathrú Mhic Eoin, Tuaim	2	
Co. Co. Chill Chainnigh	Caisleán na hInse, Cill Chainnigh		1
Co. Co. Luimnigh	Baile Gioba, Brú an Rí		1
Co. Co. na Mí	Riasc, An Uaimh	4	4
Co. Co. Ros Comáin	Corr na Mart, Cnoc Crochaire	2	
Co. Co. Ros Comáin	Bóthar Chill Cholmáin, Bealach a' Doirín		1
Co. Co. Loch Garman	Bun Cladaigh	6	
Co. Co. Loch Garman	Bealach, Cluain an Róistigh	3	1
Co. Co. Loch Garman	Ardaonach Mór, Ballymiota	1	
Co. Co. Loch Garman	Ceathrú an Chaisleáin, Bun Cladaigh	1	
Co. Co. na hIarmhí	Lios an Mhuilinn, Áth Luain	4	
Co. Co. Chill Mhantáin	Ráth Nua	4	
Iomlán		**58**	**42**

Scéimeanna Grúpthithíochta á dtógáil ar 31 Nollaig 2003

Údarás Áitiúil	Suíomh	Stádas	
		Nua	Athchóirithe/ Athfhorbartha
Co. Co. an Chabháin	Tulach Uí Mhongáin Íochtair	11	
Co. Co. an Chláir	Bealach Fada, Caisleán an Chláir	6	
Co. Co. an Chláir	Páirc na bhFeá, Inis	3	
Co. Bhuirg. Chluain Meala	Gleann Conaire, Cluain Meala	3	
Co. Cath. Baile Átha Cliath	Páirc Avila, Céim 4	6	
Co. Bhaile Dhún Dealgán	Páirc Fearann na Coille	2	
Co. Co. Fhine Gall	N. Máiréad, Baile Meak	9	
Co. Co. Fhine Gall	Bóthar Ard an Chatha, Baile Ghláire		1
Co. Co. na Gaillimhe	M. Cnoc Maigh, Tuaim	3	
Co. Co. Liatroma	Tamhlacht Mhór, Maothail		2
Co. Co. Baile Átha Cliath Theas	Cill Tobair (Cuid V)	5	
Co. Co. Loch Garman	Droim Ghúld, Inis Corthaidh	1	
Iomlán		**49**	**3**

Tithíocht Aon Cháis a ceannaíodh in 2003

Údarás Áitiúil	Suíomh
Co. Co. Laoise	Caiseal, An Paidhc
Co. Co. Longfoirt	Goirtín Eorna, Melview
Co. Co. Thiobraid Árann Thuaidh	Foraois na Carraige, Ros Cré
Co. Co. Ros Comáin	Mullymux, Ros Comáin
Co. Co. Shligigh	Tobar an Choire
Co. Co. Thiobraid Árann Theas	Lawrences, Wallers Lot, Caiseal
Co. Co. Loch Garman	Leacán, Ros Nua
Iomlán	**7**

Aguisín II
Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den

	A fuair Cóiríocht											
	Gnáth-thithíocht Údaráis Áitiúil			Grúpthithíocht Údaráis Áitiúil			Tithe Príobháideacha le Cúnamh ó Údarás Áitiúil			Curtha ar fáil ag Comhlachtaí Deonacha le Cúnamh ó ÚÁ		
	1			2			3			4		
	2001	2002	2003	2001	2002	2003	2001	2002	2003	2001	2002	2003
Ceatharlach	21	34	40	7	12	15	2	5	4	4	3	2
An Cabhán	30	29	27	4	4	11	0	0	0	0	0	0
An Clár	35	34	36	11	11	19	11	20	23	2	3	2
Corcaigh (Cathair)	129	132	143	0	0	0	1	5	5	1	1	1
Corcaigh (Contae)	94	88	99	16	14	14	1	10	8	5	0	1
Dún na nGall	75	88	97	4	12	12	3	2	1	0	0	1
BÁC (Cathair)	66	82	101	154	154	153	2	2	2	2	2	2
Dún Laogh-Ráth.	40	44	50	24	24	24	6	0	0	0	0	0
Fine Gall	36	53	57	17	23	30	0	0	0	0	0	0
Gaillimh (Cathair)	128	127	143	28	29	26	1	1	1	0	0	1
Gaillimh (Contae)	199	203	203	38	38	44	9	13	21	6	6	6
Ciarraí	162	168	178	0	0	0	5	38	46	0	0	0
Cill Dara	14	16	25	0	8	8	1	0	0	1	1	0
Cill Chainnigh	27	35	35	3	1	0	10	11	13	5	3	3
Laois	36	39	47	4	4	4	5	9	9	2	2	2
Liatroim	2	2	0	0	0	2	1	0	1	0	0	0
Luimneach (Cathair)	17	12	8	9	9	9	3	2	2	0	0	0
Luimneach (Contae)	108	114	124	16	16	16	16	27	28	0	0	0
Longfort	137	140	155	0	0	0	1	10	6	0	5	9
Lú	111	114	125	18	18	16	20	23	27	7	7	7
Maigh Eo	102	105	119	3	5	5	4	15	15	4	4	4
An Mhí	57	60	68	36	34	41	0	5	5	7	9	9
Muineachán	56	43	47	0	0	0	1	20	20	0	0	0
Uíbh Fhailí	65	74	65	0	0	0	3	4	21	2	3	6
Ros Comáin	13	13	13	9	10	10	0	3	3	0	0	0
Sligeach	22	22	27	1	0	0	0	1	1	0	3	3
BÁC Theas	91	101	113	19	24	23	26	8	9	0	0	0
TÁ Thuaidh	72	73	73	8	9	9	2	2	4	0	0	0
TÁ Theas	42	43	44	8	8	8	4	4	5	0	0	0
Port Láirge (Cathair)	83	92	98	0	0	0	0	0	0	3	4	4
Port Láirge (Contae)	14	9	11	0	0	0	0	0	0	0	0	0
An Iarmhí	52	51	71	4	4	6	0	1	27	0	1	0
Loch Garman	88	94	105	13	14	28	17	16	20	4	3	3
Cill Mhantáin	48	61	66	2	8	12	2	2	2	1	1	1
IOMLÁN	**2,272**	**2,395**	**2,613**	**456**	**493**	**545**	**157**	**259**	**329**	**56**	**61**	**67**

Lucht Siúil in 2003

	Iomlán									Iomlán		
	Láithreáin Staid Údaráis Áitiúil			**Cóiríocht curtha ar fáil ag Údarás Áitiúil nó le Cúnamh ó ÚÁ**			**Ar Láithreáin Neamhúdaraithe**			**Ag fáil Cóiríochta ó chúnamh ó nó le ÚÁ agus ar láithreáin neamhúdaraithe**		
	5			**6**			**7**			**8**		
	2001	**2002**	**2003**	**2001**	**2002**	**2003**	**2001**	**2002**	**2003**	**2001**	**2002**	**2003**
	4	7	10	38	61	71	23	16	8	61	77	79
	14	21	17	48	54	55	1	2	7	49	56	62
	20	25	33	79	93	113	63	54	34	142	147	147
	68	70	66	199	208	215	48	32	9	247	240	224
	10	14	12	126	126	134	35	49	43	161	175	177
	27	35	28	109	137	139	21	6	5	130	143	44
	182	153	171	406	393	429	46	62	71	452	455	500
	32	29	36	102	97	110	19	15	10	121	112	120
	100	173	180	153	249	267	118	35	15	271	284	282
	30	36	42	187	193	213	12	1	0	199	194	13
	24	24	31	276	284	305	79	72	56	355	356	361
	25	30	30	192	236	254	12	11	6	204	247	60
	36	29	29	52	54	62	18	50	16	70	104	78
	15	14	16	60	64	67	10	16	7	70	80	74
	22	12	19	69	66	81	22	18	17	91	84	98
	29	26	41	32	28	44	1	0	3	33	28	47
	32	43	36	61	66	55	2	6	0	63	72	55
	27	27	31	167	184	199	41	101	111	208	285	310
	15	18	15	153	173	185	9	4	13	162	177	198
	15	11	6	171	173	181	6	12	11	177	185	192
	13	6	6	126	135	149	48	46	42	174	181	191
	42	49	52	142	157	175	14	1	4	156	158	179
	4	11	6	61	74	73	5	8	3	66	82	76
	4	32	28	94	113	120	51	43	42	145	156	162
	20	23	18	42	49	44	11	15	12	53	64	56
	33	27	30	56	53	61	26	21	30	82	74	91
	196	237	257	332	370	402	66	31	29	398	401	431
	11	19	18	93	103	104	28	29	28	121	132	132
	17	17	22	71	72	79	16	20	22	87	92	101
	13	20	21	99	116	123	13	2	4	112	118	127
	14	12	11	28	21	22	11	14	2	39	35	24
	27	19	35	83	76	139	15	7	0	98	83	139
	34	18	15	156	145	171	83	111	96	239	256	267
	17	27	30	70	99	111	44	29	32	114	128	143
	1,192	**1,314**	**1,398**	**4,133**	**4,522**	**4,952**	**1,017**	**939**	**788**	**5,150**	**5,461**	**5,740**

Líon Iomlán Measta na dTeaghlach den Lucht Siúil i nGach Catagóir Chóiríochta

Údarás Áitiúil	Ag fáil Cóiríochta ó nó le cúnamh ó ÚÁ	Ar Láithreáin Neamh-údaraithe	Acmhainní féin (Measta)	Príobh-áideach Ar cíos (Measta)	Tithíocht Roinnte	Iomlán
	Ó Leath 23, Colún 6	Ó Leath 23, Colún 7	3	4	5	6
Ceatharlach	71	8	9	4	16	**108**
An Cabhán	55	7	0	0	1	**63**
An Clár	113	34	2	8	8	**165**
Corcaigh (Cathair)	215	9	1	12	12	**249**
Corcaigh (Contae)	134	43	7	12	7	**203**
Dún na nGall	139	5	0	16	9	**169**
BÁC (Cathair)	429	71	0	4	22	**526**
Dún Laogh-Ráth.	110	10	0	4	12	**136**
Fine Gall	267	15	0	12	4	**298**
Gaillimh (Cathair)	213	0	1	40	14	**268**
Gaillimh (Contae)	305	56	4	25	14	**404**
Ciarraí	254	6	12	2	5	**279**
Cill Dara	62	16	10	3	2	**93**
Cill Chainnigh	67	7	5	9	1	**89**
Laois	81	17	3	11	2	**114**
Liatroim	44	3	0	1	1	**49**
Luimneach (Cathair)	55	0	1	0	4	**60**
Luimneach (Contae)	199	111	100	8	59	**477**
Longfort	185	13	24	10	16	**248**
Lú	181	11	31	41	11	**275**
Maigh Eo	149	42	8	10	16	**225**
An Mhí	175	4	0	0	0	**179**
Muineachán	73	3	1	3	4	**84**
Uíbh Fhailí	120	42	4	5	2	**173**
Ros Comáin	44	12	0	3	9	**68**
Sligeach	61	30	0	3	4	**98**
BÁC Theas	402	29	23	13	21	**488**
TÁ Thuaidh	104	28	0	7	2	**141**
TÁ Theas	79	22	7	1	6	**115**
Port Láirge (Cathair)	123	4	32	7	5	**171**
Port Láirge (Contae)	22	2	1	0	0	**25**
An Iarmhí	139	0	73	11	5	**228**
Loch Garman	171	96	82	7	28	**384**
Cill Mhantáin	111	32	2	1	1	**147**
IOMLÁN	**4,952**	**788**	**443**	**293**	**323**	**6,799**

Tulach Uí Mhongáin Íochtair, Co. an Chabháin

Iomlán Ginearálta a fuair Cóiríocht ó nó le Cúnamh ó ÚÁ agus ar Láithreáin Neamhúdaraithe = 5,740



Láithreáin Staid Fhaofa Seirbhísithe – 2003

Líon na dTeaghlach



Ar Láithreáin Neamhúdaraithe – 2003

Líon na dTeaghlach



Teaghlaigh a Fuair Cóiríocht

Gnáth-thithíoch



Grúpthithíocht



Láithreáin Staid



Láithreáin Neamhúd